Dá urradh i n-iath Éireann

[Watson, W. J. *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (Scottish Gaelic Texts Society, Volume 1, Edinburgh 1937), poem 7, p. 46]

Auctor huius Giolla Críost Brúilingeach

1 Dá urradh i n-iath Éireann,
díogha is rogha raimhéirsheang;
criopal sean gortach gallda,
is fear sochrach saorchlannda.

2 Ní cionta ré chéile a gcur,
slat fhearna agus slat iubhair;
*slacán* don fhiodh fhearna fhiar,
agus m'fhiodh feardha fírfhial.

3 Urradh Ultach lom lochtach,
is rí cródha Connachtach;
giolla geal soichleach subhach,
is fear doichleach diúltadhach.

4 Mac Diarmada Muighe Luirg,
is Mag Uidhir an anuird;
a n-eagar is claon *an* ceart,
seagal caol agus cruithneacht.

5 Tomaltach ré gaisgeadh glan,
Tómás ré h-olc 's ré h-uabhar;
dá chrobh 'gan mheathach ar meath,
gur lobh leathach mo laoidhe.

6 Míleadh is fuidheall feachta,
ní cóir a gcur cuideachta;
giolla mainntbhréan caoch, mo chron,
agus laoch lainntréan líon*mhor*.

7 Mag Uidhir is gann do ghean,
ceólach mac [........................];
Mac Ruslainn dob é a shamhail,
[........................] a ionnamhail.

8 Is é Tomaltach an tuir
Niall Frosach mac fial Fearghail,
Guaire mac Colmán, gruaidh gheal,
lomlán d'uaill agus d'aigneadh.

9 Beiridh Mag Uidhir a mach
an gearrán bacach bronnach;
an phillín chríonaigh do chuir

fá bhinnín *bhlíonaigh* bhallaigh.

10 Beiridh Mac Diarmada a mach
searrach súlálainn súgach;
beiridh bealach don ghaoith ghlain
seangeach an laoich ar luamhain.

11 Mag Uidhir gan lúth ná lí
ar an ghearrán bhréan bhuidhe;
is daothaide an tráth tánaig,
’s saothaide an fáth *fonámhaid*.

12 Lúireach gheal fháinneach fhada
fá Mhac daithgheal Diarmada;
ré trodas do thagradh air,
sgaball is clogas *cumhdaigh*.

13 Mar mhuine fíorlus ag fás
Tomaltach do-gheibh glé-ghrás (?);
Tómás corrthón (?) ón [...] ghleann
[................] craobh don chuileann.

14 Lúireach mheirge as daoire dreach,
sgaball mísgiamhach salach,
bídh má Mhag Uidhir críon clamh,
nár fhuirigh ré díol Danar.

15 Sgiath órdha ré ucht mar ghloin
ag rígh Muighe Luirg líonmhoir;
cuiridh ré thaobh raigheal geal
claidheamh caol agus coirrshleagh.

16 Do-bheir Tómás a truaill duibh
seanmhaolán aimhghéar arsaidh;
tá ag Mag Uidhir, balbh a bhas,
arm nach fuirigh ré h-ághas.

17 Fear mar Shuibhne nach beir buadh,
is fear mar Ioruath armruadh;
saoi nach sgreadach go lámhach,
is daoi meathtach míolámhach.

18 Fear mar Chain colach cuil,
’s fear mar Aibhél mac Ádhaimh;
rí Loch Cé fear ós fearaibh:
is é gan gean do Ghaoidhealaibh.

19 Rí láidir aithnid eólach,
is daoi anbhfann aintreórach;
is fearr saoi solamh ré sgol

ioná daoi dolamh diúltach.

20 Ranna dúra dlighidh díom
a ghnúis nach deirge an doinnfhíon,
Mac Diarmada, cúl na gcladh,
slat chiabhfhada úr uasal.

21 Tug Tomaltach nach mion móid
dhomh a bhiadh is a bhrogóid,
is cláirsigh liom ar mo los,
an láimhsin as fhearr fhuaras.

22 Mag Uidhir, móide a mhéala,
péist amhnáireach neimhdhéanta:
nocha n-ionann balc na mbrodh
agus iothlann ard uasal.

23 Mag Uidhir feannaire fann
drochdhaoi aintreórach anbhfann;
atá mórfhás don olc ann:
Tómás gan chorp gan chalann.

24 Mag Uidhir as mion meanma,
slat don mhuine mhaoithfhearna;
glac uallach na bhfonn bhfada
Mac Dualach donn Diarmada.  Dá urradh.